Tá sé fíorthábhachtach go n-oibríonn muid de réir chaighdeán arda infheidhmithe agus go bhfuil sé mar oibleagáid againn athbhreithniú a dhéanamh ar gach socrú conartha de réir cód cleachtais rialachais na gComhlacht Stáit. I mí Feabhra 2008, rinneadh athbhreithniú ar chonradh na serbhísí dlí a bhí ann san am. Fuarthas amach gur rinneadh athruithe bunúsacha maidir le nádúr an socrú sin agus tháinig athrú ar an tairscint a bronnadh i dtús báire. Mar thoradh ar seo, cuireadh deireadh leis an conradh le Roger Greene & Sons.

### Rialú Airgeadais

De réir leabhair na meastachán i 2007 bhí maoiniú €2.463m faigte ag Oifig an Ombudsman do Leanaí ag túis 2008. Cosúil leis na laghduithe ar bhuiséad na hearnála poiblí bhí laghdú níos déanaí ar mhaoiniú an OCO go dtí €2.409m.

Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí freagrach as na Ráitis Airgeadais a ullmhú, mar atá leagtha amach in Acht an Ombudsman do Leanaí, 2003 agus as rialtacht na mbeart a chinntíú. Uillmhaíonn an tOmbudsman do Leanaí na Ráitis Airgeadais de réir na gCleachtas Cuntasáiochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn. Tá na freagrachtaí cuntasáiochta leagtha amach san Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002. Tá an Oifig freagrach as gnéithe oibriúcháin a cuid airgeadais. Tá nósanna imeachta laethúla airgeadais, lena n-áirítear íocaíochtaí, próisis tairisceana, oibriú an phárola agus tiomsú na n-aischur míosúil, san áireamh, i gcomhréir leis an gcleachtas iniúchta is fearr.

Cuireann CrowleysDFK seirbhísí cuntasáiochta ar fáil d'Oifig an Ombudsman do Leanaí tar éis próiseas iomaíoch tairisceana.

Tá na Ráitis Airgeadais faoi réir ag iniúchadh ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. I rith na tréimhse tuairisce seo, rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair. Ní bhíonn iniúchadh déanta de ghnáth ar na Ráitis Airgeadais ag an am a fhoilsítear an tuarascáil bhliantúil. Chomh luath is a bhíonn siad faofa ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste áfach foilsítear ar shuíomh gréasáin OCO iad. Tá na cuntais airgeadais do 2004/2005 agus 2006, 2007 ar fáil ar [www.oco.ie](http://www.oco.ie)

# 4

# gearáin agus imscrúduithe

Is feidhm ghnóthach í an tseirbhís ghearán agus imscrúduithe atá i gcroílár obair na hoifige. Faoin Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, is féidir leis an OCO gearáin a dhéanann leanaí nó daoine óga a imscrúdú – nó gearán a dhéanann daoine fásta thar a gceann – faoi eagraíochtaí poiblí, scoileanna nó ospidéil. Seirbhís shaor neamhspleách agus neamhchlaonta í an tseirbhís seo.

## Forálacha ar leith

Tugann an tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002, cumhacht don Ombudsman feidhm gearáin agus imscrúduithe a fheidhmiú. Leagann amach na forálacha reachtúla seo an foras caighdeán drochriaracháin maidir le hathbhreithniú ar ghearán nór ar iompraíocht na n-imscrúduithe. Toisc gurb ábhar imscrúdaithe é an drochthoradh don leanbh a ndéantar an gearán agus gur féidir le leanaí gearán a dhéanamh iad féin leis an Oifig leagann amach an tAcht raon forálacha reachtúla a chuireann san áireamh leochaileacht ar leith leanaí.

### 1. Dualgas aird a bheith ar leas is fearr an linbh

Faoin Acht um tOmbudsman do Leanaí agus an tOmbudsman ag feidhmiú a feidhmeanna gearán agus imscrúdaithe tá ceangal uirthi aird a thabhairt ar leas is fearr an linbh.

### 2. Dualgas aird a thabhairt do mhianta an linbh

Faoin Acht um tOmbudsman do Leanaí agus an tOmbudsman ag feidhmiú a feidhmeanna gearán agus imscrúdaithe tá dualgas uirthi mianta an linbh a chur san áireamh de réir mar is iomchuí, ag féachaint d'aois agus tuiscint agus mianta an linbh.

## Gearán agus imscrúduithe

Imscrúdaíonn an OCO gearán aonair a bhaineann le gníomhartha riaracháin a rinne comhlacht poiblí ina bhféadfadh dochar a bheith déanta don leanbh a rinne an gearán nór a rinne duine fásta gearán thar a cheann. Déanann sí iarracht réitigh a fháil a chumasaíonn gach páirtí. Tá sé d'aidhm againn meas a bheith againn orthu siúd a ndéantar gearán fúthu agus tacú leo chun tuiscint a fháil ar an ábhar, chun foghlaim agus nuair is gá, a gcórais agus a bpróisis a athrú.

Déanann an OCO gach iarracht a chinntíú gur taithí chuidiúil seachas dochrach a bheidh ann chun na torthaí is dearfaí is féidir a bhaint amach don leanbh a dhéanann an gearán, don chomhlacht poiblí féin agus ar deireadh thiar do gach leanbh a bhíonn i dteagmháil leis an gcomhlacht poiblí.

## Imscrúduithe a rinne an Oifig dá toil féin

Faoi alt 10 (1)(a)(ii) d'Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, is féidir an tOmbudsman do Leanaí imscrúdú a dhéanamh i gcás gníomhartha a rinneadh ina bhféadfadh dochar a bheith déanta do leanbh, nór i gcás ina bhféadfadh a bheith drochriarachán agus a chreideann an tOmbudsman go bhfuil gá le himscrúdú a dhéanamh air.

I 2008, rinne an tOmbudsman do Leanaí imscrúduithe éagsúla as a stuaim féin.

Chuir an OCO túis i mí na Samhna 2008 le himscrúdú ar staid an cur i bhfeidhm: **Tús Áite do Leanaí: Treorlínte Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhise Sláinte** (FSS).

Díreoidh an t-imscrúdú ar Fheidhmeannacht na Seirbhise Sláinte, an ghníomhaireacht reachtúil atá freagrach as na Treorlínte i dtaca le Tús Áite do Leanaí a chur i bhfeidhm, agus an Roinn Sláinte agus Leanaí/Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OALGO), atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh air.

Bhí an t-eolas a tháinig as na gearáin agus na himscrúdúithe a rinne an tOmbudsman do Leanaí i 2008 maidir le cur i bhfeidhm Tús Áite do Leanaí ina ábhar buartha dí. Is ábhar buartha fós cosaint leanaí, a tharraing an tOmbudsman aird air cheana féin, agus de dheasca sin agus san am céanna na drochthorthaí a tháinig chun solais san athbhreithniú a rinne Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, rinne an tOmbudsman cinneadh imscrúdú náisiúnta neamhspleách, córasach, a sheoladh ar chur i bhfeidhm Tús Áite do Leanaí.

Foilseofar torthaí an imscrúdaithe sin i 2009.



### **Gearán a glacadh**

Ó bunaíodh an OCO i 2004 tá méadú le feiceáil ar líon na ngearán a glacadh ó 94 in aghaidh na bliana go dtí 810 sa bhliain 2008. Cuireann an fheidhm ghearáin agus imscrúdaithe faisinéis dúinn maidir leis an taithí atá ag leanaí agus iad ag úsáid seirbhísí agus an taithí atá acu ar sholáthar seirbhísí Cuidíonn an t-eolas seo le hobair na hOifige maidir le forbairt beartais, cleachtais agus nós imeachta atá bunaithe ar na leasa is fearr do leanaí agus ar phrionsabail an dea-rialachais.


Cé go raibh méadú ar líon na ngearán go dtí 807, baineann an t-athrú is mó le nádúr agus castacht na ngearán a rinneadh leis an Oifig i rith na bliana. Taispeánann sé seo go raibh athrú mór ar na gearáin a glacadh ó bunaíodh an OCO sa bhliain 2004.

Cosúil le blianta eile is iad na tuismitheoirí nó baill eile den teaghlaigh leathan a dhéanann formhór na ngearán. De réir ár dtaithí is iad na tuismitheoirí na príomhaignithe ar son cearta agus leasa leanaí. Is cuid suntais é don OCO go bhfuil méadú ar líon na ngairmeoirí atá i dteagmháil leis an Oifig agus a chuireann gearáin thar ceann leanaí faoi bhráid na hOifige.


## Líon na ngearáin a glacadh ó 2004 go 2008



### Gearán



### Gearánaigh



## Gearán in ord Chatagóire

Is iad seo a leanas na saincheisteanna sa chatagóir Oideachais:

- Cosaint Leanaí
- Maoiniú le haghaidh riachtanas speisialta
- Meicníochtaí chun déileáil le hiompair mhíchuí i leith leanaí
- lompras scoile
- Ag déileáil le líomhaintí faoi bhulaíocht
- Beartais agus nósanna imeachta

Is iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna sa chatagóir Shláinte:

- Leorgacht seirbhísí FSS
- Liosta feithimh ar sheirbhísí FSS
- Cosaint Leanaí
- Cinntí maidir le leanaí faoi chúram
- Meicníochtaí a úsáidtear chun láimhseáil iompair mhíchuí i leith leanaí

Baineann formhór na ngearán sa chatagóir **Údarás Áitiúla** le rochtain ar agus oiriúnacht na tithíochta a chuireann an tÚdarás Áitiúil ar fáil do leanaí atá faoi mhíchumas nó an tithíocht sóisialta a chuirtear ar fáil dóibh.

I gCatagóir an Cheartaí, baineann gearán le himeachtaí cúirte, córas cirt d'ógánaigh, agus saincheisteanna i ndáil le tearmann agus le hinimirce.

Sa chatagóir **Eile**, baineann formhór na ngearán le híocaíochtaí leasa shóisialta nó liúntais agus le heagraíochtaí príobháideacha agus deonacha.

## Na hOspidéil

Déanann na hospidéil in Éirinn idirghabháil leis na mílte leanbh agus tuismitheoirí i gcúinsí atá an-deachair agus an-leochaileach. D'aineoinn go dtagann na hospidéil dheonacha faoi na téarmaí tagartha an OCO maidir le gearán agus imscrúduithe tá líon na ngearán atá bainteach le hospidéil níos lú ná 2%.

Is rud suntasach é seo nuair a chuirtear i gcountas go bhfreastalaíonn na mílte leanbh ar na hospidéil gach bliain. Tá sé deacair don OCO a fháil amach cad is cúis leis seo. Tá córais seirbhísí d'othair a gcuidean ag na hospidéil agus b'fhéidir go mbeadh eolas tábhachtach acu maidir leis an iomad saincheisteanna a d'fheadfad a bheith ina gcúis leis na deacrachtaí atá ag leanaí agus a dteaghlaigh. Is díol spéis é don OCO níos mó eolais a fháil maidir le cineál na ngearán a dhéantar go díreach leis na hospidéil agus conas is féidir leis iad a réiteach. I 2009 tá sé ar intinn na hOifige teagmháil a dhéanamh le POF na hospidéil a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí chun rochtain ar an eolas seo agus tá súil againn go gcuireann an t-eolas seo leis an tuiscint atá againn maidir leis an taithí atá ag leanaí agus iad ag idirghabháil leis na hospidéil.

### **Ag Láimhseáil Cásanna Client an OCO**

Cuirtear próiseas ar bun chun na gearán a chur in ord, ós rud é go ndéantar a lán gearán leis an Oifig, chun a chinntíú go dtugtar freagra ar na saincheisteanna is práinní go tráthúil. Cuidíonn an OCO le gearánaigh úsáid a bhaint as an bpróiseas áitiúil, i ngach cás inar féidir é. Nuair a chomhlánaíodh an próiseas áitiúil nó nuair is práinneach an tsaincheist, déanfaidh an OCO imscrúdú ar an ngearán. Chiallaigh méadú i lón agus i gcoimpléascacht na gcásanna go raibh méadú ar an méid ama a ghlacann sé chun scrúdú a dhéanamh ar na cásanna.

Tá nósanna imeachta inmheánacha ag an Oifig chun freagra tráthúil a thabhairt ar na saincheisteanna is práinní.

### **Na saincheisteanna a ardaigh tuismitheoirí, lucht gairme agus aighnithe eile**

Táimid fós ag feiceáil na saincheisteanna céanna ó theaghlaigh, ón lucht gairme agus ó dhaoine eile. Baineann formhór na saincheisteanna sin le gníomh nó easpa gnímh an Stáit agus é ag freagairt nó ag tabhairt tacaíochta do riachtanais an linbh.

Ardaíodh na saincheisteanna seo a leanas:

- Gníomhartha a rinne an FSS i ndáil le líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí; cuireadh i leith an FSS go raibh deacrachtaí maidir le rochtain ar chóras cosanta leanaí agus nach raibh go leor tacaíochta curtha ar fáil;
- Deacrachtaí i rochtain ar an gcóras cosanta leanaí agus tacaíocht neamhleor do leanaí agus dá dteaghlaigh a dhéanann nochtadh faoi chosaint leanaí;
- Leanaí a chuirtear go neamhfhoírsteánach i gcúinsí éigeandála mar nach raibh seirbhís ar fáil lasmuigh de na gnáth-uaire oibre;
- Socrúchán oiriúnach do leanaí as cúram slán a bheith in easnamh nó moill a bheith ar a sholáthair;
- Meicníochtaí a úsáideann comhlachtaí poiblí chun déileáil le gearán faoi iompair míchuí i leith leanaí agus nach gcuirtear sa chatagóir mí-úsáid iad ach a mheastar mar iompair mhíchuí iad.
- Moill i soláthar tithíocht údaráis áitiúla atá oiriúnaithe do leanaí faoi mhíchumas;
- Iompar do leanaí faoi mhíchumas;
- Seirbhísí deighilte óna chéile, agus an t-ualach a chuirtear dá thoradh ar theaghlaigh le leanaí faoi mhíchumas as rochtain a fháil ar na seirbhísí riachtanacha go léir;
- Rochtain ar thacaí d'acmhainní riachtanaí speisialta i scoileanna, agus a leorgacht;
- Deacrachtaí/moill rochtana ar sheirbhísí sláinte ar nós teiriipe caint agus urlabhra, teiriipe shaothair agus
- Tithíocht agus áiseanna ar dhroch-chaighdeán do leanaí Lucht Siúil.

## Gearáin a fuarthas ó leanaí

Faoi Alt 7(e) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, leagann an tOmbudsman do Leanaí béim ar cheisteanna a bhaineann le cearta agus leasa leanaí agus ar cás leis na leanaí féin iad.

Is leanaí atá i gcúram Stáit is mó a dhéanann teagmháil go díreach leis an Oifig. Áirítear i measc na saincheisteanna is cás leo:

- gan oibrithe sóisialta a bheith cionroinnte;
- gan a bheith rannphárteach i bpleanáil cúram, go háirithe maidir le rochtain ar baill eile clainne; teaglach agus cairde;
- easpa tacaíochta nó rochtana ar theiripí amhail comhairleoiracht agus iad faoi chúram;
- easpa seirbhísí iarchúraim;
- easpa rannpháirtíochta i gcinneadh chun a socrúchán a fháil nó a athrú; agus
- rannpháirtíocht sa phróis bhrefiúinach go háirithe mar a bhaineann sé le coimirce leanaí.

## Iarchúram

Is grúpa ríthábhachtach é an grúpa gan thuistechúram d’Oifig an Ombudsman do Leanaí. Thaispeáin taighde a rinne an Coláiste Ollscoile, Corcaigh, le haghaidh an OCO gur grúpa ar leith é an grúpa gan thuistechúram. I gcomhairliúchán na Ballóide Móire, an comhairliúchán is mó a rinneadh le leanaí agus le daoine óga, chuir níos mó ná 20,000 leanaí in iúl dúinn gur mian leis go mbeidh an teaghlaigh agus cúram malartach mar phríomhthosaíocht ag ár nOifig.

Nuair a bhíonn ocht mbliana déag d’aois slán ag leanaí fágann siad cúram an Stáit. Is saincheist leanúnach í ó bunaíodh an Oifig an easpa pleanála agus soláthair iarchúraim. Go minic is na leanaí iad féin a tharraingíonn aird ar an tsaincheist seo trínár seirbhís ghearáin.

Níl aon oibleagáid reachtúil ar an FSS faoi láthair iarchúram a sholáthar.

Ach is féidir leis an FSS é a sholáthar más maith leis. Tá sé soiléir ón eolas a fhaighimid trínár bhfeidhm ghearán nach bhfuil cur chuige seasmhach i bhfeidhm ar fud na tíre maidir le soláthar iarchúraim. An toradh air sin ná bíonn taithí éagsúla ag daoine óga a bhratheann ar an áit ina bhfuil siad ina gcónaí.

Chuir an tOmbudsman do Leanaí a himní in iúl do Choiste na NA um Chearta an Linbh faoin gcuidiú a sholáthraíonn do dhaoine óga a fhágann an córas cúram ar dhóigh mhíchothrom guagach. Mhol an OCO leasú a dhéanamh ar Alt 45(1) den Acht um Chúram Leanaí, 1991, chun soláthar iarchúraim a bhunú mar fhreagracht reachtúil an FSS.

Chuir leanaí in iúl dúinn gurb ábhar mór imní dóibh an easpa iarchúraim. Is cúis le breis neamhchinnteachta í saol duine óg d'ocht mbliana déag d'aois an droch-phleanáil. Is féidir go mbeidh tionchar neamhfhabhrach ar cháilíocht beatha an duine mar thoradh air sin. Baineann neamhchinnteacht le háit chónaithe, tacaíocht agus seirbhísí a bhféadfadh a bheith ar fáil agus le rochtain ar bhreisoideachas agus oiliúint leanúna.

Rinne an OCO idirghabháil ar chásanna áirithe maidir le pleanáil iarchúraim chun a chinntíú go raibh ról lárnach ag leasa leanaí nuair a bhí cinntí á ndéanamh agus go raibh an próiseas riarracháin cothrom agus iontaofa. De réir sainmhínithe tosaíonn iarchúram nuair a bhíonn ocht mbliana déag d'aois slán ag an duine óg.

Tuigeann an Oifig go bhfuil obair ar siúl faoi láthair ag na hearnálacha reachtúla agus deonacha chun iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar iarchúraim agus an tslí a bhféadfadh é a fheabhsú. Is é tuairim na hOifige ná go bhfuil gá mór le seirbhísí iarchúraim oiriúnacha seasmhacha chun tacaíocht a thabhairt do na daoine óga leocheileacha seo, i rith tréimhse ina bhfuil athruithe móra ar siúl. Ba chóir go mbeadh freaghracht reachtúil ar an FSS chun na seirbhísí seo a sholáthar.

### Saincheisteanna ata ag Teacht Chun Cinn

Le 12 mhí anuas, thug an OCO treochtaí faoi deara i ndáil leis na saincheisteanna a bhí á scrúdú acu trí mheán a bhfeidhme gearán. Is iad seo a leanas cuid de na cúiseanna imní a tháinig chun cinn:

**An chaoi a láimhseáiltear líomhaintí d'iompar míchuí i leith leanaí**  
Lean tuismitheoirí de theagmháil a dhéanamh leis an Oifig i ndáil le líomhaintí d'iompar míchuí i leith leanaí ag baill foirne scoile. Baineann na cúiseanna imní a ardaíodh le freagairt na n-údarás i gceist do líomhaintí dá leithéid.

Tá dualgas ar an Oifig cearta leanaí a chur chun cinn agus an úsáid de phróis chothrom do gach duine bainteach le cás dá leithéid a chur chun cinn freisin. Chun na críche sin, creideann an OCO go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh nósanna imeachta agus treoirlínte soiléire ann faoi conas freagairt do chúiseanna imní den chineál seo, agus go mbeidh meicníochtaí soiléire ann chun prós chothrom a chinntíú do gach duine bainteach.

I bhfianaise na faisnéise a cuireadh faoinár mbráid, rinne an Oifig teagmháil leis an Róinn Oideachais agus Eolaíochta agus leis an gComhairle Múinteoirreachta chun aird a tharraingt ar na saincheisteanna a d'ardaigh na gearán seo. Mar sin féin, níl Cuid V den Acht um Chomhairle Múinteoirreachta a chuirfeadh ar chumas na Comhairle na gearán seo a scrúdú tosaithe go fóill. Tuigeann an OCO go gcaithfear na nósanna imeachta gearán a leagtar amach in Alt 28 den Acht Oideachais, 1998 a thosú roimh thosach feidhme Chuid V den Acht um Chomhairle Múinteoirreachta. Toisc nár tosaíodh Cuid V den Acht um Chomhairle Múinteoirreachta, tá bearna reachtaíochta agus riarracháin ann i ndáil le láimhseáil gearán a bhaineann le mí-iompar gairmiúil.

Bhuail an Oifig le baill fairne shinsearacha sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun cur i bhfeidhm Alt 28 den Acht Oideachais a phlé. Tugteann an OCO go bhfuil obair á déanamh ag an Roinn i láthair na huaire chun na nósanna imeachta gearán a fhorbairt agus aontaíodh go gcuirfeadh an OCO comhairle i ndáil leis sin ar fáil de réir fhorálacha alt 7 dár reachtaíocht. Tionóladh cruinniu leis an gComhairle Múinteoirreachta freisin chun cur síos a dhéanamh ar chuíseanna imní an Ombudsman do Leanaí.

#### Nósanna imeachta agus próisis chun déileáil le gearán

Chuir roinnt gearánaithe a rinne teagmháil leis an Oifig in iúl go raibh deacraachtá acu maidir le teacht ar na nósanna imeachta gearán áitiúla de chomhlachtaí phoiblí.

Is minic a chialláonn sin nach bhfuil go leor faisnéise ann faoi nós imeachta gearán an chomhlachta phoiblí féin nó nach bhfuil treoir shoiléir ann faoi conas gearán a dhéanamh. Tá neamh-chomhsheasmhacht ann faoi céard is gearán ann agus faoi na nósanna imeachta atá ann chun déileáil le gearán dá leithéid. Féadann easpa cumarsáide cur le frustachas na ngearánaithe.

Féadann easpa soiléireachta moill a chur ar phróiseáil an ghearáin agus cúiseanna imní na ngearánaithe a mhéadú. Féadann sé cur leis an dearcadh nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh ar an ngearán freisin.

Cabhraíonn nósanna imeachta gearán soiléire le muinín a thabhairt go dtabharfar éisteacht chothrom don ghearánaí, féadann siad cabhrú le réiteach luath deacrachtá agus féadann siad cosc a chur ar theannas agus ar choinbhleacht bhereise.

Déanann an OCO iarracht réitigh áitiúla ar ghearáin a spreagadh agus nuair is indéanta, déanfaidh sé moltaí chun cabhrú le réiteach díreach na ndeacrachtá ag an gcomhlacht poiblí agus ag an ngearánaí. Más féidir réiteach den chineál seo a bhaint amach, tá sé i bhfad níos fearr do na páirtithe bainteacha uile, go háirithe don leanbh ag croílár an ghearáin.

#### Agaí freagartha ó Chomhlachtaí Poiblí

Déanann an OCO iarracht na himscrúduithe uile a dhéanamh ar bhealach tráthúil éifeachtach. Bíonn baint dhíreach ag acmhainn inmheánach an OCO leis an luas inar féidir leis an OCO imscrúdú gearán a chur chun cinn, ach bíonn tionchar díreach ag tráthúlacht na bhfreagraí a fhaightear ón gcomhlacht poiblí i gceist freisin.

Le linn 2008, cuireadh moill shuntasach ar an Oifig ó am go ham toisc go raibh moill i gceist le faisnéis a fháil a iarradh mar chuid d'imscrúdú.

Rinne an Oifig iarracht aghaidh a thabhairt ar ár gcúiseanna imní i gcomhpháirtíocht dhíreach leis na comhlacthaí poiblí. Tá socruithe idirchaidrimh níos láidre bunaithe le roinnt comhlacthaí poiblíanois d'fhonn agaí freagartha feabhsaithe a chur chun cinn. Go dtí seo, ba fhorbairt dhearfach é sin, agus curimid fálte roimh na hiarractaí déanta ag comhlacthaí poiblí chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna imní seo.

### **Gearán déanta ag gairmithe**

Tháinig méadú ar líon na ngairmithe a rinne teagmháil le hOifig an Ombudsman do Leanaí thar ceann leanaí ó 11% in 2007 go 15% in 2008. Is minic a bhíonn ar chumas gairmithe cosúil le hoibrithe sóisialta, múinteoirí agus príomhoidí tacú agus cabhrú le teaghlaigh ar mhian leo gearán a dhéanamh, agus féadfaidh faisinéis mhionchruinn a bheith acu freisin faoi na deacrachtá a bhíonn ag leanaí agus a dteaghlaigh le seirbhísí poiblí. Tá an fhaisnéis a chuireann gairmithe ar fáil an-luachmhar mar cabhraíonn sí leis an Oifig tuiscint a fháil ar na deacrachtá a bhíonn ag leanaí agus ag teaghlaigh, agus cabhraíonn sí leis an Oifig beartas, cleachtas agus nósanna imeachta a chur chun cinn a chinntíonn go dtugtar aird phríomhúil i gcónaí ar leas is fearr na leanaí.

### **Cás-Staidéir**

#### **A. Leanbh faoi mhíchumas ón Lucht Siúil**

##### **Gearán:**

Is leanbh óg ón Lucht Siúil í M atá faoi mhíchumas fisiceach agus intleachtúil. Tráth an ghearán, bhí cónaí ar M lena tuismitheoirí agus lena deartháir i gcarbhán taobh leis an mbóthar. De réir an teaghlaigh, níor chuir an carbhán ar chumas M a riachtanais forbartha a bhaint amach.

Rinne tuismitheoirí M iarratas chuig a nÚdarás Áitiúil chun cóiríocht shocraithe a fháil a bheadh curtha in oiriúint do riachtanais M. I mí Feabhra 2007, rinne tuismitheoirí an linbh gearán leis an OCO faoina ndéileálacha leis an Údarás Áitiúil.

##### **Imscrúdú**

Nuair a bhíonn gearán á imscrúdú ag an Ombudsman do Leanaí ní mór di aird a thabhairt ar leas is fearr an linbh i gceist. Tá sé de cheangal uirthi a bhreithniú cibé acu an raibh tionchar neamhfhabhrach ag an gníomh ar an leanbh nó nach raibh agus cibé acu an raibh an gníomh contrártha le riachán stuama cothrom nó nach raibh.

I rith an imscrúdaithe bhunaigh an OCO an fhaisnéis seo a leanas.

Bunaithe ar roinnt tuairisci gairmiúla, fuair an Oifig nach bhfreastalaíonn an carbhán a bhfuil cónaí ar M ann i láthair na huaire ar riachtanais bhunúsacha agus forbartha an linbh. Thug fianaise ó ghairmithe leighis agus oideachais le fios gur cuireadh roinnt moilleanna ar fhorbairt M mar thoradh ar a dálaí maireachtála. Níl M in ann siúl agus tá sí go hiomlán cleithiúnach.

D'aithin an tÚdarás Áitiúil nach bhfuil an chóiríocht a bhfuil cónaí ar M inti oiriúnaithe do riachtanais an linbh. Dúirt siad go ndearna siad iarracht freastal ar riachtanais M trí roinnt roghanna tithíochta eatramhacha a thairiscint don teaghlaach, ach dhiúltaigh an teaghlaach do na tairiscintí sin.

Le linn an imscrúdaithe, scriosadh carbhán an teaghlaigh i ndóiteán.

Cheannaigh an tÚdarás Áitiúil carbhán nua don teaghlaach, atá níos mó ná na carbháin a cheannaítear de ghnáth, agus bhí súil acu go bhfreastalódh sé sin ar roinnt riachtanas de chuid M. Mar sin féin, de réir an teaghlaigh agus gairmithe, níl carbhán ina rogha oiriúnach do M níos mó. Dúirt an teaghlaach go raibh sé ag fanacht ar chóiríocht shocraithe. Líomhnaíonn an tÚdarás Áitiúil gur bhog an teaghlaach chuig taobh an bhóthair chun brú a chur orthu cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil. Mar sin féin, ní raibh aon fhianaise ar an gcomhad gur tairgeadh láithreán seirbhísithe don teaghlaach i ndiaidh cheannach an charbháin nua agus nuair a bhí siad ag fanacht le tairiscint de chóiríocht shocraithe chuí.

### Torthaí

Fuair an Oifig go raibh tionchar diúltach ag tithíocht M uirthi.

Fuair an Oifig gur léirigh an tÚdarás Áitiúil gur fhreagair siad do chúiseanna imní an teaghlaigh agus gur dhéileáil siad leis na cúiseanna imní sin ar bhealach cothrom. Rinne an tÚdarás riachtanais M a bhreithniú go cuí, laistigh de na srianta agus na hacmhainní a bhí ar fáil don Údarás. Thraig an tÚdarás tithíocht don teaghlaach, agus níor ghearr siad pionós orthu nuair a dhiúltaigh siad do na tairiscintí sin, cé go bhféadfadh an tÚdarás pionós a ghearradh orthu dá bharr de réir a Scéime féin de Thosaíochtaí Ligin. Ar an iomlán, léirigh an tÚdarás Áitiúil go raibh siad solúbtha maidir le déileáil leis an teaghlaach.

Mar sin féin, fuair an OCO go raibh fianaise ann de laigí riaracháin ginearálta sa chaoi ar ar déileáladh le comhad M, go háirithe i ndáil leis an easpa de choinneáil chuí taifead.

### Moltaí

Mhol an OCO don Údarás Áitiúil oibriú go gníomhach, i gcompháirtíocht leis an teaghlaach, chun teacht ar réiteach cuí ar fhadhb tithíochta an linbh, ar an bpointe agus go fadtéarmach.

Mhol an OCO don Údarás Áitiúil glacadh le nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear coinneáil fheabhsaithe taifead, a bheadh solúbtha ach nach gcuirfeadh isteach ar shoiléireacht na cinnteoireachta agus na cumarsáide.

## **Freagra**

Aithníodh cóiríocht oiriúnach cé go gcaithfear é a athchóiriú. Idir an dá linn, cuireadh láithreán níos oiriúnaí ar fáil do charbhán an teaghlaigh.

Gheall an tÚdarás go ndéanfaidís athbhreithniú ar a nósanna imeachta riarcháin freisin.

## **Diúltú tionóntacht de theaghais Údaráis Áitiúil a thabhairt**

### **Gearán:**

Rinne athair gearán leis an OCO thar ceann a chuid leanaí. Dúirt sé gur dhiúltaigh Údarás Áitiúil tionóntacht de theach údaráis áitiúil, a cuireadh in oiriúint dá leanbh le riachtanais speisialta, a thabhairt dó. Ba é an t-athair caomhnóir dlíthiúil aonair na leanaí.

Ingearán an athar, luaigh sé go raibh imní air freisin toisc nach raibh ar a chumas maireachtail in éineacht lena chuid leanaí toisc gur theip ar a iarratas ar thionóntacht. Dar leis, bhí an tÚdarás Áitiúil ag ceistiú údarás dlíthiúil an ordaithe coimeádta a rinne an Chúirt Dúiche.

### **Imscrúdú**

Nuir a bhíonn gearán á imscrúdú ag an Ombudsman do Leanaí bíonn ceangal uirthi aird a thabhairt ar leas is fearr an linbh i gceist. Tá sé de cheangal uirthi a bhreithniú cibé acu an raibh tionchar neamhfhabhrach ag an ngníomh ar an leanbh nó nach raibh agus cibé acu an raibh an gníomh contrártha le riarchán stuama cothrom nó nach raibh.

I rith an imscrúdaithe bhunaigh an OCO an fhaisnéis seo a leanas.

Bhí na tuismitheoirí ina dtionónaí de theaghais údaráis áitiúil agus d'athraigh siad go cóiríocht aon stór roinnt blianta ina dhiaidh sin i ndiaidh iarratas a dhéanamh ar chóiríocht a bheadh níos oiriúnaí dá leanbh le riachtanais speisialta. Mhaoinigh an teaghlaigh roinnt athchóirithe ar an maoin chun go mbeadh sé níos inrochtana don leanbh le riachtanais speisialta. I ndiaidh scaradh na dtuismitheoirí, bhog an t-athair amach as baile an teaghlaigh. Ina dhiaidh sin, rinne an t-athair iarratas chun coimeád aonair a fháil ar na leanaí agus tugadh an t-ordú coimeádta sin dó. Mar sin féin, d'fhan na leanaí leis an máthair fós. I ndiaidh bhás na máthar, d'fhan na leanaí sa theaghais údaráis áitiúil faoi chúram bhaill an teaghlaigh shínte a raibh baint acu le cúram a thabhairt do na leanaí roimhe sin.

I ndiaidh bhás na máthar, rinne an t-athair iarratas ar thionóntacht den teaghais údaráis áitiúil. Chuir an tÚdarás Áitiúil in iúl don athair nach raibh sé beartaithe acu tionóntacht den teaghais a thabhairt don athair go dtí go gcuirfeadh sé fianaise ar fáil go raibh sé ag tabhairt 'cúram fisiceach lánaimseartha do na leanaí' agus go raibh 'smacht lánaimseartha aige orthu'.

Thug faisnéis a cuireadh faoi bhráid an OCO le fios gurb é an t-athair caomhnóir dlíthiúil na leanaí agus an t-aon caomhnóir dlíthiúil amháin atá acu. Níor cuireadh aon fhianaise ar fáil a thabharfadhl le fios go raibh aon imeachtaí dlíthiúla leanúnacha eile ar siúl i ndáil leis na leanaí.

Le linn an imscrúdaithe, fuair an OCO gur bhreithnigh an tÚdarás Áitiúil an t-ordú coimeádta a tugadh don athair mar shean-ordú, agus gur chóir don athair filleadh ar an gcúirt chun ordú nuashonraithe a fháil.

### Torthaí

Thacaigh an tOmbudsman do Leanaí leis an dearcadh go raibh tionchar diúltach ag gníomhartha an Údarás Áitiúil ar an leanbh agus gurb ionann a ngníomhartha agus drochriarachán. Trí cheist a chur faoi bhailfócht an ordaithe cúirte agus trí iarraidh ar an athair fianaise a chur ar fáil go raibh sé ag tabhairt cúram do na leanaí, ba chosúil don Oifig seo gur fheidhmigh an tÚdarás Áitiúil lasmuigh de raon a chumhachta. Lena chois sin, toisc nach ndearnadh cinneadh i ndáil le tionóntacht an bhaile ar feadh i bhfad, bhí cobhsáiocht agus todhchaí bhaile an teaghlaigh éiginnte don leanbh i gceist agus dá dheartháireacha/dheirfiúracha.

### Moltaí

Mhol an OCO don Údarás Áitiúil cás tithíochta na leanaí a réiteach ar an bpointe.

Mhol sé freisin gur chóir don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le haistriú tionóntacthaí chun a chinntíú go mbeidh treoir leordhóthanach ar fáil d'Údarás Áitiúla vis à vis an t-údarás atá acu i ndáil leis seo.

### Freagra

Dúirt an tÚdarás Áitiúil nár ghlac sé le torthaí an imscrúdaithe, go sonrach an ráiteas gur fheidhmigh sé lasmuigh dá údarás. Mar sin féin, dhearbhaigh sé gur ghlac sé leis na moltaí agus go raibh sé beartaithe acu gníomhú i gcomhréir leo.

Anois tá ceist na tionóntactha réitithe ag an Údarás Áitiúil.

Is cúis imní mhór fós é údarás áitiúla a fheidhmíonn lasmuigh dá sainordú ar bhealach a bhfuil tionchar chomh suntasach sin aige ar leanaí, agus mar sin, tá sé beartaithe ag an OCO é a phlé leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in 2009.

## Iompar scoile

### Gearán:

Chuir tuismitheoir linbh gearán a bhain le hiompar scoile faoi bhráid na hoifige, thar ceann an linbh sin agus thar ceann grúpa 22 leanbh eile. Baineann an gearán le soláthar iompair scoile, agus leis an tsaincheist d'athrú líomhanta ar theorainn an scoilcheantair idir dhá cheantar i gcontae Loch Garman. Tá cónaí ar na leanaí an-ghar don teorainn seo.

In 2005, chuir an tuismitheoir in iúl go raibh imní air toisc go raibh teorainn ábhartha an scoilcheantair ar léarscáileanna san Oifig Coiste Gairmoideachais áitiúil agus sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta éagsúil óna chéile. Mar sin, bhí aon chinntí a rinneadh bunaithe ar na léarscáileanna sin mícheart.

### Imscrúdú

D'eascair teorainneacha na scoilcheantair as bunú oideachas iar-bhunscoile saor in aisce déanach sna 1960í. Ar mhaith le pleánail, roinneadh an tís ina ndúichí geografacha, le roinnt bunscoileanna i ngach dúiche ag cur daltaí ar fáil d'ionad oideachais iar bhunscoile. D'éascaigh na dúichí sainithe seo an soláthar de chóras iompair scoile náisiúnta freisin.

Sainíonn Rannóg Pleanála na Roinne Oideachais agus Eolaíochta na teorainneacha scoilcheantair do scoileanna. Tá an córas iompar scoile bunaithe ar na léarscáileanna sin freisin. Feidhmíonn Bus Éireann an Scéim Iompair Scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (an Rannóg Iompair Scoile). Tá Bus Éireann freagrach as bealaí a phleanáil, tiománaithe bus a fhostú, táillí a bhailiú agus a chinntíú go gcomhlíontar rialacháin sábháilteachta agus árachais. Tá an Coiste Gairmoideachais freagrach as an Scéim Iompair Scoile a riart i gContae Loch Garman do na hionaid iar-bhunscoile uile. Cabhraíonn an Coiste Gairmoideachais le Bus Éireann trí fheidhmiú mar Oifigeach Idirchaidrimh Iompair (TLO) don chontae.

Tá dhá chineál ticéad ann do dhaltaí ar bhrefá leo leas a bhaint as an Scéim Iompair Scoile:

- Ticéid atá go hlomlán Incháilithe do dhaltaí a bhfuil cónaí orthu 4.8km nó níos mó ó mheánscoil ina scoilcheantair; agus
- Ticéid lamháltais do dhaltaí a bhfuil cónaí orthu 4.8km nó níos mó ó scoil i gceantar eile. Tugtar ticéid teorainn scoilcheantair ar na ticéid sin.

Tugtar tosaíocht do dhaltaí le stádas atá go hlomlán Incháilithe thar dhaltaí le stádas teorainn scoilcheantair. Chun ticéad a fháil, comhlánaíonn tuismitheoirí foirm iarratais a shíníonn príomhoide na scoile ábhartha agus a tharchuirtear chuig Oifigeach Idirchaidrimh Iompair (TLO) an chontae ansin.

In 2005 bhí teorainn ábhartha an scoilcheantair éagsúil ar léarscáileanna Oifigeach Idirchaidrimh lompair an Choiste Gairmoideachais áitiúil agus ar léarscáileanna Bhus Éireann. Tá na difríochtaí sna teorainneacha thar a bheith suntasach nuair thuigtear gur feidhm shonrach na léarscáileanna is ea a bheith úsáidte mar phríomh-chritéir san iarratas ar iompar scoile.

Bheadh cinneadh conclúideach a bhaint amach faoin léarscáil ceart a úsáid i 2005 dá mbeadh cóip den príomh léarscáil a chuir ar fáil ag an Roinn Pleanála sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta, don tOmbudsman do Leanaí a chuimseodh na teorainneacha scoilcheantair uile agus a bheadh comhionann leis an léarscáil san oifig ábhartha Bhus Éireann nó leis an léarscáil in oifig Áitiúil an Choiste Gairmoideachais in 2005, nó léarscáil a bheadh chomh cosúil le ceann de na léarscáileanna sin nach ndéanfadh sé mórán difríochta.

Níor chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta léarscáil ar fáil a chomhlíon an caighdeán seo de réir mar a éilíodh. Maidir leis an léarscáil a chuir an Rannóg Pleanála ar fáil don Oifig i mí an Mheithimh 2006:

- tá sé éagsúil ón léarscáil atá in úsáid ag Bus Éireann agus ag an gCoiste Gairmoideachais;
- tá ceist ann faoina oriúnacht, mar tá an chuma air go bhfuil sé neamhiomlán;
- is cosúil gur léarscáil ar scála mór é, le scála ar chóimheas thart ar 1:62500 agus, mar sin, ní chuireann sé an leibhéal mionchruinnis ar fáil a bhfuil gá leis chun scéim dá leithéid a riart go héifeachtúil agus go cruinn; agus
- tá na teorainneacha a thaispeántar ann róthiubh le bheith soiléir agus cruinn.

### Torthaí

De réir an Ombudsman do Leanaí, bhí drochriarachán i gceist le gníomhartha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus bhí tionchar diúltach ag gníomhartha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar na leanaí.

Fuair an Oifig go raibh comhghníomhartha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, Bhus Éireann agus an Choiste Gairmoideachais i ndáil le cur i bhfeidhm na Scéime lompair Scoile sa cheantar seo bunaithe ar chleachtas riarracháin neamh-inmhianaithe agus go raibh siad contrártha le riarrachán stuama cothrom.

Ar feadh an imscrúdaithe seo, tharla cásanna inar rianaíodh léarscáileanna agus inar cóipeáladh iad, agus bhí sin ina chúis le léarscáileanna a bhí éagsúil ón léarscáil bhunaidh. Faigheann an Oifig seo go bhfuil gach léarscáil éagsúil sin mar leasú defacto ar cheantair teorann na scoilcheantair. I bhfianaise an dul chun cinn teicneolaíochta atá déanta i ndáil le mapáil dhigiteach agus geoi-ríomhaireacht a chiallaíonn gur féidir leibhéal ard cruinnis a chinntí i ndáil le suíomh beacht agus gur féidir cóipeanna cruinne a tháirgeadh, ba chóir

do na geallsealbhóirí éagsúla dul i gcomhairle le saineolaithe oiriúnacha sa réimse seo nuair a bheidh na fadhbanna mapála á réiteach acu.

Tá freagracht tríd is tríd as an Scéim lompair Scoile ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Toisc nach bhfuil córas monatóireachta leordhóthanach ann, athraíodh na léarscáileanna de réir a chéile. Níor cuireadh aon chosc ar athrú na léarscáileanna i seilbh Bhus Éireann agus an Choiste Gairmoideachais go dtí na himeachtaí in 2005.

Faigheann an Oifig go bhfuil comhgníomhartha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, Bhus Éireann agus an Choiste Gairmoideachais i ndáil le cur i bhfeidhm na Scéime lompair Scoile bunaithe ar chleachtas riarracháin neamh-inmhianaithe agus go bhfuil siad contrártha le riarrachán stuama cothrom.

Bhí tionchar diúltach ag na gníomhartha sin ar na 23 leanbh mar cuireadh bacainn lena dteidlíocht leas a bhaint as iompar scoile mar gheall ar riar na scéime sin; agus tá an scéim atá ann ag úsáid léarscáileanna éagsúla fós chun na leanaí sin a chatagóiriú.

### Moltaí

Molann an tOmbudsman do Leanaí na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh:

- Ba chóir iompar bus scoile a chur ar fáil do na 23 leanbh a mheas an Coiste Gairmoideachais go raibh siad go hlomlán Incháilthe in 2005 chun cabhrú leo freastal ar scoil i scoilcheantar iar-bhunscoile Loch Garman. Fanfaidh an socrú iompair sin i bhfeidhm ar feadh a gcuid scolaíochta.
- Fanfaidh socrú 2008 maidir le hiompar bus scoile, atá ann i láthair na huaire, i bhfeidhm i ndáil leis na leanaí sa cheantar seo ar feitheamh thoradh an athbhreithnithe mapála a luitear thíos.
- Déanfaidh agus críochnóidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta athbhreithniú náisiúnta ar an nós imeachta mapála i ndáil le ceantair teorann na scoilcheantar iar-bhunscoile.
- Déanfar an t-athbhreithniú sin laistigh de thréimhse réasúnta ama agus tabharfaidh sé aird chuí ar dhea-chleachtas sa réimse de gheoi-ríomhaireacht agus mapáil dhigiteach.

### Freagra

Ghlac an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis na prionsabail phríomhúla cuimsithe sa ráiteas imscrúdaithe agus leis an ngá athbhreithniú náisiúnta a dhéanamh ar an nós imeachta mapála i ndáil le ceantair teorann na scoilcheantar iar-bhunscoile. Déanfar saincheist na dteorainneacha scoilcheantair a bhreithniú san athbhreithniú ar Luach ar Airgead na Scéime lompair Scoile a chríochnófar roimh dheireadh 2009.

Mar fhreagairt dhíreach do na moltaí cuimsithe sa ráiteas imscrúdaithe, d'aontaigh an Roinn na socruithe eatramhacha seo a leanas a chur i bhfeidhm ar feitheamh thoradh an athbhreithnithe ar Luach ar Airgead.

Fanfaidh na socruithe iompair scoile atá ann i bhfeidhm i ndáil leis na daoine seo a leanas:

- na 23 leanbh ag croílár an ghearáin; baineann roinnt acu leas as an tseirbhís fós;
- na leanaí atá ag baint leasa as socruithe iompair bus scoile 2008/2009 sa cheantar seo; agus
- aon leanaí breise ón gceantar céanna a dhéanann iarratas ar iompar scoile chuig ionaid iar-bhunscoile Loch Garman.

### Scoil – gearán faoi bhulaíocht

#### Gearán

Chuir máthair cailín is déagóir an gearán seo faoinár mbráid, mar bhí imní uirthi go raibh bulaíocht á déanamh ar a hiníon ar scoil. Chuir an mháthair in iúl gur thuairiscigh sí an cás don scoil agus gur chreid sí nach raibh an scoil ag freastal go ceart ar a cuid cúiseanna imní agus nár chuir siad a mbeartas frithbhulaíochta i bhfeidhm.

#### Imscrúdú

I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an gcás, bhunaigh an Oifig gur chuir an mháthair a cúiseanna imní faoi bhulaíocht in iúl don scoil ó bhéal agus i scríbhinn roinnt uaireanta le blianta beaga anuas. D'admhaigh an scoil gur cuireadh cúiseanna imní in iúl dóibh, ach chreid siad nach raibh ann ach plé neamhfhoirmiúil agus nár ghair an leanbh nó an teaghlaigh ar an mbeartas frithbhulaíochta riamh. Mar sin, ní dhearnadh aon imscrúdú foirmiúil.

#### Torthaí

Fuair an Oifig go raibh deacrachtáí ann i ndáil leis an bpróiseas le bheith curtha i gcrích chun an beartas frithbhulaíochta a ghairm, agus mar sin chreid an duine óg agus a teaghlaigh nach raibh an scoil ag freastal i gceart ar a gcúiseanna imní. Thuig na tuismitheoirí dá gcuirfidís a gcúiseanna imní in iúl don scoil ó bhéal agus i scríbhinn go gcuirfí an beartas frithbhulaíochta i bhfeidhm. Níor cuireadh aon fhianaise ar fáil a léirigh gur lean an scoil an nós imeachta frithbhulaíochta. D'fhreagair an scoil don chumarsáid sin trí thús a chur lena nós nós imeachta gearán.

Fuair an Oifig nach ndearna an scoil go leor cumarsáide leis an teaghlaigh i ndáil lena gcúiseanna imní faoi bhulaíocht, agus go háirithe, nár cuireadh an teaghlaigh ar an eolas faoi na céimeanna a raibh gá leo chun an nós imeachta frithbhulaíochta a ghairm. Lena chois sin, bhain deacrachtáí breise le cumarsáid ón scoil leis an teaghlaigh i ndáil le himscrúdú a ngearáin.

### Moltaí agus Freagra

Mhol an Oifig don scoil athbhreithniú a dhéanamh ar a mbeartas frithbhulaíochta, go háirithe i ndáil leis na céimeanna a bhfuil gá leo chun an beartas frithbhulaíochta a ghairm. Mhol an Oifig don scoil agus don Bhord Bainistíochta smaoineamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta um chumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí nuair a thagann cúiseanna imní den chineál seo chun cinn, chun a chinntíú go dtuigfidh daltaí agus tuismitheoirí go bhfuiltear ag freastal i gceart ar a gcúis imní agus chun a chinntíú go gcoinneofar caidreamh dearfach oibre.

D'aontaigh an scoil cruinniú a eagrú leis an teaghlaigh chun a gcuid cúiseanna imní a phlé agus gheall siad aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a ardaíodh i ndáil le beartas, nós imeachta agus cleachtas.

### Tuarascáil Speisialta Maidir le Leanaí faoi Mhíchumas agus

#### Tithíocht Údaráis Áitiúil/Shóisialta

Ó bunaíodh í, fuair an Oifig seo líon gearán atá ag dul i méid i ndáil le leithdháileadh titheocht Údaráis Áitiúil ar leanaí faoi mhíchumas. In 2007 agus in 2008 fuair an tOmbudsman do Leanaí 100 gearán faoi titheocht. Bhain na gearáin seo uile, beagnach, le cúiseanna imní faoi leithdháileadh titheocht Údaráis Áitiúil/shóisialta ar leanaí faoi mhíchumas.

Mar gheall air sin, choimisiúnaigh an OCO tuarascáil speisialta maidir le rochtain leanaí faoi mhíchumas agus a dteaghlaigh ar titheocht údaráis áitiúil oriúnach. Ba iad aidhmeanna na tuarascála:

- cur síos a dhéanamh ar na fadhbanna a bhíonn ag leanaí le riachtanais speisialta ó thaobh rochtain a fháil ar titheocht údaráis áitiúil/shóisialta oriúnach de réir mar a tuairisciódh iad trí mheán Mheicníocht Gearán an OCO.
- moltaí a aithint a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt ar na deacrachaí príomhúla a bhíonn ag na leanaí sin, le haird ar leith ar bheartas, cleachtas agus nós imeachta.

Déanfaidh an tuarascáil seo roinnt moltaí i ndáil le beartas, cleachtas agus nósanna imeachta. Foilseofar in 2009 í.

### Ár seirbhís a dhéanamh níos inrochtana do leanaí agus daoine óga

Chuaigh an Oifig i gcomhairle le daoine óga chun a fháil amach céard a d'fhéadfadh cabhrú leo teagmháil a dhéanamh leis an OCO i gcás go mbeadh gearán acu. Labhair daoine óga faoi rochtain éasca ar ghuthán agus ar ríomhphost, agus mhol siad faisnéis shoiléir, chruinn a chur ar fáil thírithe go sonrach ar dhaoine óga ar bhrefá leo gearán a dhéanamh.

Mar fhreagra ar an aiseolas sin, sheol an OCO líne ghutháin saor in aisce chun go mbeadh sé níos éasca do leanaí agus do theaghlaigh teagmháil a dhéanamh leis an Oifig faoina gcúiseanna imní. D'fhorbraíomar raon ábhar do leanaí agus do dhaoine óga i ndáil leis an bhfeidhm gearán agus imscrúdaithe freisin. Chabhraigh leanaí agus daoine óga le forbairt na n-ábhar seo agus le poiblíú na líne gutháin saorghlao. Ba bhéar linn fíor-bhuíochas a ghabháil le Cumann na hÉireann um Dhaoine Óga faoi Chúram (IAYPIC) as cabhrú linn comhairliúcháin leis na daoine óga a éascú, agus as an gcomhairle uile a thug siad dúinn go fial.

Tháirgeamar DVD sírithe ar dhaoine óga freisin a léiríonn cineál na ngearán a imscrúdaíonn an OCO. Táimid an-bhuíoch de na daoine óga uile a bhí páirteach i dtáirgeadh an DVD. Táimid thar a bheith sásta leis an táirge deiridh.

### **Ár ról a chur in iúl do Chomhlactaí Poiblí**

Táirgeadh ábhair do chomhlactaí poiblí freisin a dhéanann cur síos ar shainordú an OCO i ndáil le gearán a imscrúdú agus a mhíníonn na próisis a chuireann an OCO i gcrích nuair atá gearán á scrúdú aige. Mar chuid den phróiseas seo, rinne an OCO comhairliúchán le roinnt comhlactaí poiblí a raibh teagmháil againn leo trí mheán na feidhme gearán agus imscrúdaithe, lena n-áirítear an HSE; Údarás Áitiúla; grúpaí a ionadaíonn boird bhaistíochta; agus comhpháirtithe oideachais eile. Is mór dúinn an chomhairle agus an cúnamh a chuir siad ar fáil a thug treoir dúinn faoin bhfaisnéis ar chóir di a bheith cuimsithe sna hábhair.

# 5

# beartas agus reachtaíocht

Má tá cearta agus leasaí agus daoine óga le bheith cosanta agus cothaithe, tá sé ríthábhachtach go mbeidh obair an OCO bunaithe ar fhorbairt beartais atá cúramach agus léirsteanach. Bíonn a lán leasaí leochaileach in Éirinn an lae inniu ar chúiseanna casta éagsúla. Ní mór é seo a athrú. Táimid ag obair go dian le cinntiú go mbeidh reachtaíocht, beartas náisiúnta agus seirbhísí an Stáit do leasaí agus do dhaoine óga ar na caighdeáin is airde agus go sásóidh siad ár ndualgais faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh agus faoi chaighdeáin idirnáisiúnta cearta daonna eile.

## Ról beartais na hOifige

San Acht um Ombudsman do Leasaí, 2002, leagtar amach ról beartais agus taighde an OCO. Áirítar ar an ról seo:

- comhairle a chur ar Airí faoi fhorbairt agus faoi chomhordú beartais a bhaineann le leasaí;
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na reachtaíochta a bhaineann le cearta agus leasaí leasaí;
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Acht um Ombudsman do Leasaí, agus, nuair is gá, moltaí a dhéanamh chun é a leasú;
- taighde a dhéanamh, a chothú agus a fhoilsiú faoi aon ábhar a bhaineann le cearta agus leasaí leasaí; agus
- faisnéis a mhalartú le hOmbudsman do Leasaí i Stáit eile.

Tá sé soiléir in Acht 2002 freisin gur féidir leis an Ombudsman, Emily Logan, comhairle a chur ar Airí faoi aon ábhar a bhaineann le cearta agus leasaí leasaí. San áireamh air sin, tá feidhm thábhachtach maidir le comhairle a chur ar Airí faoi na tortaí a bheadh i gceist dá gcuirfí moltaí reachtúla ábhartha i ngníomh agus impleachtaí na moltaí sin do leasaí agus dá leas.

## Comhairle ar Airí Rialtais faoi reachtaíocht mholta

Tá cáipéisí comhairleacha ar fáil ar roinn foilseachán ár láithreáin ghréasáin [www.oco.ie](http://www.oco.ie)

## An Bille um Chiontuithe Spíonta 2007

De dhroim iarratais ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, chuir an tOmbudsman do Leasaí comhairle ar fáil faoin mBille um Chiontuithe Speisialta 2007 ar an 10ú Márta 2008. Déanann an Bille foráil do neamhnochtadh taifead coiriúil faoi réir coinníollacha áirithe agus tar éis tréimhse áirithe ama. Déanann sé fostáiocht ina mbeadh teagmháil le leasaí i gceist a eisiamh go sonrach agus bhí comhairle an Ombudsman do Leasaí dírithe ar a chinntiú go mbeadh na heisiamh sin cuimsitheach go leor.

### An Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint 2008

Chuir an tOmbudsman do Leanaí comhairle faoin mBille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint 2008 faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtas ar Dhlí agus Cirt, Comhionannas, Cosaint agus Cearta Ban ar an 20ú Márta 2008. Sa chomhairle sin, luaigh sí go raibh roinnt gnéithe dearfacha ag an mBille ach nár thug sé aird leordhóthanach ar leocheileacht ar leith leanaí agus ar an ngá le cúnamh agus cosaint speisialta a chur ar fáil dóibh. I measc na saincheisteanna sonracha a luaigh sí sa chomhairle sin bhí riachtanais leanaí scartha a bhíonn ag iarraidh tearmainn, an próiseas a úsáidtear chun aois a dhearbhú, athaontú teaghlaach, coinneáil an lucht iarrtha tearmainn agus gáinneáil ar leanaí.

### Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú reachtaíochta a bhaineann le leanaí

#### Easnaimh san Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002

Faoi Alt 7(h) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, tá sé de dhualgas ar an Ombudsman do Leanaí monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta seo agus moltaí a dhéanamh d'Aire nó don Oireachtas nó don dá cheann faoi leasú an Achta seo.

D'aithin an tOmbudsman do Leanaí easnaimh sa reachtaíocht a rialaíonn ár gcuid oibre. Scríobh sí chuig an Aire Sláinte agus chuig Tithe an Oireachtas chun a chur in iúl go bhfuil sé ar intinn aici iarratas a dhéanamh ar leasú an Achta. Déantar cur síos anseo ar na forálacha is cúiseanna imní ar leith iad.

Féadann an OCO glacadh le gearáin déanta go díreach ag leanaí agus daoine óga. De réir an Achta um Ombudsman do Leanaí, tá sé de dhualgas ar an Oifig 'tuismitheoir' a chur ar an eolas, is é sin tuismitheoir bitheolaíoch nó duine fásta eile ag feidhmiú in loco parentis, sula ndéanfar imscrúdú ar ghearán. Cé gur prionsabal tábhachtach é seo ar fiú cloí leis, tá an Oifig buartha go bhféadfadh sé cosc a chur ar roinnt daoine óga gearán a dhéanamh, go háirithe i gcás daoine óga a dhéanann líomhaintí de mhí-úsáid in aghaidh tuismitheora/tuismitheoirí.

Rinne roinnt daoine óga faoi chúram an HSE teagmháil leis an OCO freisin toisc go raibh imní orthu faoi na pleannána cúraim a bheadh i gceist nuair a d'fhágfaidís an córas cúraim. Uaireanta, ní raibh an Oifig in ann scrúdú a dhéanamh ar na gearáin sin toisc go raibh 18 mbliana d'aois bainte amach ag na daoine óga nuair a rinne siad an gearán. De réir na reachtaíochta a rialaíonn Oifigí na nOmbudsman do Leanaí/Oifigí na gCoimisinéirí do Leanaí i ndlínsí eile, féadann siad glacadh le gearáin ó dhaoine óga go dtí go sroicheann siad aois 21, go sonrach i gcás daoine óga a bhí faoi chúram an Stáit agus daoine óga faoi mhíchumas.

## **Leasú Bunreachtúil ar Chearta Leanaí**

Le linn 2008, leanadh den phlé maidir leis an Leasú Bunreachta atá beartaithe ar Chearta Leanaí. Is é Comhchoiste an Oireachtas um an leasú bunreachta do Leanaí a bhí mar phríomhfhóram do na díospóireachtaí, a raibh sé de chúram aige togra an Rialtais agus nithe ábhartha eile a mheas.

Go luath sa bliain, tháinig díospóireacht chun cinn ar cé acu ba chóir an cheist, ar aithníodh mar cheist scoite í, a scoilt ón chnuasach ceisteanna eile a bhí fágtha agus reifrinn éagsúla a eagrú ar gach ceann acu. Is é an cheist scoite í, cion de dhilteanas iomlán nó de dhiandliteanas a thabhairt isteach arís le haghaidh cionta gnéasacha bainteach le leanaí. Is iad seo a leanas an cnuasach ceisteanna a bhí fágtha; soláthar sainráite le haghaidh cearta agus leas leanaí, eolas bog a chomhroinnt chun cosaint leanaí a fheabhsú agus chun roghanna uchtaithe a thabhairt do líon is mó leanaí.

Ar 6 Feabhra, scríobh an tOmbudsman do Leanaí chuig Taoiseach a mholadh gur chóir, dar léi, cuir leis an tiomantas polaitiúil chun reifreann a eagrú ar gach ceist ábhartha, agus gur chóir diúltú don éileamh ceisteanna áirithe a roghnú le haghaidh reifrinn ar leith.

An tseachtain dár gcionn, ar 13 Feabhra, láithrig an tOmbudsman do Leanaí os comhair Chomhchoiste an Oireachtas um an leasú bunreachta do Leanaí d'fhoinn a hiarratas maidir leis an leasú beartaithe a chur faoi bhráid an Choiste. Thug an t-iarratas breac-chuntas ar na soláthairtí, a mholann an tOmbudsman ar chóir iad bheith san áireamh sa leasú bunreachta, mar atá: ráiteas sainráite ar chearta an linbh; an prionsabal leasa; dualgas ar an Stát tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh ar bhonn comhreibreach, agus le soláthar atá dírithe ar chomhroinnt eolas bog a éascú.

Níor éirigh le reifreann teoranta, faoi ábhar amháin, leanúint ar aghaidh i 2008 agus is cosúil nach dtarlóidh sé i 2009 chomh maith. Leanann Oifig an Ombudsman do Leanaí ar aghaidh ag déanamh a ndíchill chun a chinntíú go ndéantar forbairt ar thogra éifeachtach agus ar thogra láidir don Reifreann Bunreachtúil. Tá an tOmbudsman do Leanaí go fóill ag tacú le hiarrachtaí lena chinntíú go mbeidh togra éifeachtach agus láidir á fhorbairt don Reifreann Bunreachta.

Tá an iarratas iomlán chuig Comhchoiste an Oireachtas ar an Leasú Bunreachtúil ar Leanaí ar fáil ag [www.oco.ie](http://www.oco.ie)

## Forbairt agus comhordú beartais a bhaineann le leanáí

### Tionscnamh um Athbhreithniú a Dhéanamh ar Bhás Leanaí

Mar atá luaite i dtuarascáil bhliantúil an OCO roimhe seo, rinne an tOmbudsman do Leanaí teagmháil leis an Aire Sláinte agus Leanaí in 2007 faoin bhféidearthacht meicníocht bhuan um athbhreithniú a dhéanamh ar bhás leanaí a bhunú in Éirinn, a bheadh cosúil leis na meicníochtaí ar fáil i ndlínsí eile. Rinne an tOmbudsman an tionscnamh seo de réir a róil faoi alt 7(1) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 chun comhairle a chur ar Airí Rialtais maidir le comhordú beartais a bhaineann le leanáí.

Indiaidh freagra tosaigh dearfach a fháil ón Aire, rinne an OCO scrúdú ar chleachtas idirnáisiúnta sa réimse seo agus rinneadh tréimhse comhairliúcháin le príomh gheallsealbhóirí chun a ndearcaí i ndáil le tionscnamh an OCO a fháil. Ag deireadh na tréimhse comhairliúcháin sin, tionóladh seimineár ardleibhéal ar athbhreithniú ar bhás leanaí ar an 28ú Aibreán 2008 d'ionadaithe comhlacthaí reachtúla agus gníomhaireachtaí stáit chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht meicníocht a bhunú chun scrúdú córasach a dhéanamh ar bhás leanaí in Éirinn. Ba í aidhm an tseimineáir eagraíochtaí a thabhairt le cheile a d'fhéadfadh ról a ghlacadh i meicníocht dá leithéid chun plé tosaigh ar chleachtas reatha agus ar athruithe féideartha sa dlínse seo a éascú. Labhair saineolaithe idirnáisiúnta ón mBreatain Bheag agus ón Astráil, agus ionadaithe an Gharda Síochána, an HSE, na Príomh-Oifige Staidrimh, an Bhoird Taighde Sláinte agus Cróinéir Chathair Átha Cliath ag seimineár.

De dhroim molta déanta ag ranpháirtithe an tseimineáir, thárg an OCO páipéar roghanna a leagann amach na gnéithe de bhás leanaí a ndéantar scrúdú orthu in Éirinn i láthair na huaire agus na saincheisteanna ar chóir iad a bhreithniú ag féachaint don fhéidearthacht meicníocht um athbhreithniú a dhéanamh ar bhás leanaí a bhunú sa dlínse seo. Cuirfidh an páipéar seo bonn faoi chomhairliúchán amach anseo idir an tOmbudsman do leanaí agus príomh-ghníomhairí i ndáil leis an mbealach is fearr leis an bpróiseas a chur chun cinn in 2009.

### Aighneacht faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta ar Gháinneáil ar Dhaoine

I mí Eanáir 2008, chuir an OCO a chomhairle faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta ar Gháinneáil ar Dhaoine faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Leag an aighneacht béim ar an ngá tacáocht bhreise a chur ar fáil d'íospartaigh in Éirinn chun dea-chleachtas idirnáisiúnta sa réimse seo a chomhlíonadh, agus bhí sí dírithe ar shaincheisteanna maidir le cosc, feasacht a mhúscailt, ciontóirí a chúiseamh agus cosaint a thabhairt d'íospartaigh na gáinneála is leanáí.

Tá an OCO ina bhall den Grúpa Oibre ar Gháinneáil ar Leanaí freisin. Bhunaigh an tAonad um Gháinneáil ar Dhaoine a Chomhrac an Grúpa Oibre sin chun cabhrú le ceapadh an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta.

Tá an aighneacht iomlán ar fáil ar [www.oco.ie](http://www.oco.ie)

### **Léiriú creidimh reiligiúnaigh agus cód ghléasta scoile**

Mar fhreagra ar iarratas ón Aire um Lánpháirtíú, chuir an tOmbudsman do Leanaí a comhairle faoi shaincheisteanna a bhain le freastal ar léiriú creidimh reiligiúnaigh laistigh de chulaith scoile nó laistigh de chóid ghléasta i scoileanna faoi bhráid an Aire an 18ú Lúnasa 2008. Rinne an chomhairle cur síos ar roinnt prionsabal ginearálta ar chóir don Roinn Oideachais, do bhoird bhanistíochta agus do scoileanna aird a thabhairt orthu agus an tsaincheist seo á measúnú acu. Go háirithe, leag an tOmbudsman béim ar an tábhacht a bhain le réitigh phraiticiúla a lorg, a mbeadh i gceist leo comhairliúchán a dhéanamh le daoine óga agus lena dteaghlaigh. Cé go dtacaíonn comhairle an Ombudsman leis an dearadh gur chóir do chultacha scoile agus do chóid ghléasta freastal ar riachtanais daoine éagsúla, luadh sa chomhairle freisin go bhfuil cúiseanna imní eile ann, cosúil le sláinte agus sábháilteach agus cumarsáid éifeachtúil idir daltaí agus múinteoirí, a d'fhéadfadh srianta dlísteanaча réasúnta a chur leis an tsaoirse reiligiún a léiriú i suíomh oideachais, ag brath ar an gcás i gceist.

Tá an aighneacht iomlán ar fáil ar [www.oco.ie](http://www.oco.ie)

### **Cuntas a thabhairt don Oireachtas**

#### **Tuairisc do na Coistí Oireachtas ar Ghnóthaí Eachtracha agus ar Ghnóthaí Eorpacha**

Ar an 23ú Meitheamh 2008, chuir an tOmbudsman do Leanaí tuairisc faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtas ar Ghnóthaí Eachtracha agus Chomhchoiste an Oireachtas ar Ghnóthaí Eorpacha i ndáil le hidirghníomhú an OCO le líonraí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a oibríonn sa réimse de chearta leanaí. In alt 7(f) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, foráiltear go malartóidh an tOmbudsman faisnéis agus go gcomhoibreoidh sí le hOmbudsman do Leanaí (faoi cibé ainm atá orthu) ó Stáit eile, agus in alt 13(7) d'Acht 2002 foráiltear freisin go bhféadfaidh an tOmbudsman do Leanaí a chur faoi deara, ó am go ham, go gcuirfear cibé tuairisci faoi fheidhmeanna a hOifige faoi bhráid an Oireachtas is cuí léi.

Rinne an tuairisc cur síos ar obair an Ombudsman do Leanaí mar chathaorleach reatha Líonra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí (ENOC), le cois idirghníomhú an OCO le Líonra Ombudsman agus Coimisinéirí Leanaí na Breataine agus na hÉireann (BINOCC). Lena chois sin, leag sé amach idirghníomhú an Ombudsman do Leanaí le Grúpa Stiúrtha an Choimisiúin Eorpaigh ar Chearta Leanaí, le Coimisinéir um Chearta Daonna Chomhairle na hEorpa agus le Coiste na NA um Chearta an Linbh.

Tá an tuairisc iomlán ar fáil ar [www.oco.ie](http://www.oco.ie)

### Aighneacht faoi Chúram Míochaine Príomhúil sa Phobal

D'eisigh Comhchoiste an Oireachtas ar Shláinte agus Leanaí cuireadh le haghaidh aighneachtaí faoin tsaincheist maidir le cúram míochaine príomhúil sa phobal agus i mí na Samhna 2008, chuir an tOmbudsman do Leanaí a comhairle faoi bhráid an Choiste ar bhonn an chuiridh sin.

Bhí an aighneacht bunaithe ar shaincheisteanna ar tarraingíodh aird an OCO orthu mar gheall ar a obair ar ghearán agus imscrúduithe; ar shaincheisteanna a aithníodh sa taighde bunlíné a d'fhoilsigh an OCO i mí Lúnasa 2007 agus ar na bacainní ar chearta leanaí a chur i gcrích in Éirinn; agus ar shaincheisteanna ar chán meicníochtaí idirnáisiúnta a dhéanann monatóireacht ar chearta daonna.

I measc na saincheisteanna a pléadh bhí leas agus cosaint leanaí; seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga; leanaí faoi chúram; agus rochtain ar sheirbhísí teiripectha.

Tá an aighneacht iomlán ar fáil ar [www.oco.ie](http://www.oco.ie)

### Malartú faisnéise agus comhoibriú idirnáisiúnta

I mí Mheán Fómhair 2008, tar éis cuireadh a fháil ó Choimisinéir um Chearta Daonna Chomhairle na hEorpa, Thomas Hammarberg, thug an tOmbudsman do Leanaí an léacht bhliantúil Janusz Korzak i Stócolm. Bhain téama na léactha leis an gcoincheap de leas is fearr leanaí agus d'fhreastail oifigigh shinsearacha, Airí agus Cinn Stáit ó áiteanna ar fud Chomhairle na hEorpa uirthi

Ar iarratas ó UNICEF agus ó Chomhairle Bharra na Tuirce, thug an tOmbudsman do Leanaí cuairt ar an Tuirc i mí Aibreáin 2008 chun bunú institiúide náisiúnta um chearta leanaí sa Tuirc a chur chun cinn. Bhuaile an tOmbudsman le daoine óga ó dhílleachtlanna agus ó shuíomhanna institiúide, le hionadaithe eagraíochtaí neamhrialtasacha agus le parlaiminteoirí.

### BINOCC

I rith 2008, lean an OCO ag cruthú nasc le hOifigí den chineál céanna i Sasana, sa Bhreatain Bheag, in Albain agus i dTuaisceart Éireann. I gcomhar le Coimisinéirí Leanaí Thuaisceart Éireann, Shasana, na hAlban agus na Breataine Bige, bíonn an OCO ag comhroinnt na foghlama agus an dea-chleachtais trí mheán BINOCC (Lónra Ombudsman agus Coimisinéirí Leanaí na Breataine agus na hÉireann). Cé go ndéantar formhór na malartuithe go leictreonach, buaileann an Lónra le chéile ag leibhéal na nOmbudsman/na gCoimisinéirí agus i ngrúpaí a bhfuil sainorduithe sonracha acu. Mar shampla, comhroinneann an grúpa beartais agus taighde faisnéis agus forbraíonn siad comhthionscnaimh, agus comhroinneann na fairne cumarsáide agus ranpnpháirteachais eispéiris agus eolas na n-oifigí faoi seach.

## **ENOC (Líonra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí)**

### **Cathaoirleach ENOC**

Bhí Emily Logan an-bhródúil as glacadh le cathaoirleacht ENOC i mí Mheán Fómhair 2008. Thogh piaraí idirnáisiúnta Emily ina cathaoirleach.

D'óstáil an tOmbudsman do Leanaí comhdháil bhliantúil ENOC a d'oscaill an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa. Reáchtáladh an chomhdháil ag Caisleán Bhaile Átha Cliath agus d'fhreastail 32 Oifig Ombudsman do Leanaí ó 24 Ballstát de Chomhairle na hEorpa uirthi, in éineacht le saineolaithe agus breathnóirí idirnáisiúnta. Chuir an chomhdháil trí lá túis le cathaoirleacht Emily Logan ar an Líonra.

### **Bunús ENOC**

Cuireadh Líonra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí (ENOC) ar bun i 1997 chun na 10 nOmbudsman a bhí san Eoraip ag an am a thabhairt le chéile. Tá an bhallraíocht méadaithe ó shin go 34 comhalta as 24 stát. Tugann UNICEF agus Comhairle na hEorpa tacáiocht d'obair ENOC. Ag leibhéal an AE, sheol Leas-Uachtarán an Choimisiúin, Franco Frattini, an fhobairt de straitéis nua AE um chearta leanaí le deireanas. Tá ENOC ina chomhalta d'Fhóram an AE um Chearta an Linbh a bhfuil sé de chúram air an straitéis seo a chur chun cinn.

### **Ról ENOC**

Is é ról an líonra cothú agus cosaint cearta leanaí a éascú ar fud na hEorpa, mar atá ceaptha i gCoinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh. Áirítéar i measc a chuid cuspóirí malartú faisnéise a éascú idir comhaltaí agus grúpaí réigiúnacha eile agus tacú le forbairt institiúidí nua um chearta leanaí san Eoraip agus ar fud an domhain.

### **Ballraíocht**

Tá baill as 24 Ballstát Chomhairle na hEorpa in ENOC faoi láthair, lena n-áirítéar:

An Ostair, An Bheilg, an Chróit, An Danmhairg, An Fhionlainn, An Fhrainc, An tSeoirsia, An Ghréig, An Ungáir, An Íosláinn, Éire, An Laitvia, An Liotuáin, Lucasburg, iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, Málta, An Ríocht Aontaithe, An Iorua, An Pholainn, An Phortaingéil, Cónaidhm na Rúise, An tSlóivéin, An Spáinn, An tSualainn.

Tá níos mó ná oifig amháin ag cuid de na stáit seo ina mbaill. Maidir leis an Ríocht Aontaithe mar shampla, is comhaltaí de ENOC iad Coimisinéirí Leanaí Thuaisceart Éireann, na hAlban agus na Breataine Bige.

6

# rannpháirteachas agus oideachas

Tá freagacht reachtúil ar Oifig an Ombudsman do Leanaí cearta agus leas leanaí agus daoine óga a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a chothú. De réir Alt 7 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, cuimsíonn feidhmiú an tsainordaithe seo:

- comhlacthaí poiblí, scoileanna agus ospidéil dheonacha a spreagadh chun beartais, cleachtais agus nósanna imeachta a fhorbairt atá deartha chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn;
- feasacht a chur chun cinn i measc an phobail, lena n-áirítear i measc leanaí agus daoine óga, ar ábhair a bhaineann le cearta agus leas leanaí, lena n-áirítear Coinbhinsiún an AE um Chearta an Linbh;
- béim a leagan ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta agus leas leanaí a bhfuil leas ag leanaí iontu; agus
- struchtúir a bhunú chun comhairliúchán a dhéanamh le leanaí chun críocha obair an OCO chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn, agus ualú ceart a thabhairt do dhearcaí leanaí de réir a n-aoiseanna agus leibhéal a dtuisceana.

Tuigimid an sainordú seo mar cheart bunúsach, a mheastar mar cheart 'cumasúcháin' Coinbhinsiún na NA ar Chearta an Linbh – Airteagal 12, agus mar phrionsabal bunúsach atá nasctha le feidhmeanna uile obair na hOifige. Tógann sé am cultúr a chruthú ina léirítear meas ar ghlórtha leanaí, agus d'fhoghlaímíomar nach mbaineann cothú cearta leanaí le feachtais ná ábhair ná imeachtaí aonair amháin – ní mór daoine a dhéanann cinntí a théann i bhfeidhm ar leanaí a spreagadh agus dúshláin a thabhairt dóibh leasanna leanaí a chur chun tosaigh.

In 2008, chuireamar cearta leanaí chun cinn trí oibriú go díreach le cinnteoirí fásta i gcomhlacthaí poiblí trí mheán ár bhfeidhme gearán agus go díreach ag an leibhéal polaitiúil trí mheán ár bhfeidhme beartais agus reachtaíochta, ach, lena chois sin, rinneamar roinnt céimeanna breise chun foráil a dhéanamh do rannpháirteachas leanaí agus daoine óga agus chun feasacht ar a gcearta agus ar a gcúiseanna imní a ardú ag gach leibhéal, go háirithe ag an leibhéal is cumhactaí - leibhéal na reachtóirí. In 2008 chuireamar na cúiseanna imní sin, cúiseanna imní a d'ardaigh leanaí agus daoine fásta, faoi bhráid an Oireachtas. Rinneadh an sárú is coitianta ar chearta leanaí in Éirinn – an easpa measa ar cheart leanaí chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht in a lán seirbhísí san earnáil phoiblí – a ardú leis an gComhchoiste ar an Leasú Bunreachtúil ar Leanaí.

## Comhairliúchán a dhéanamh le leanaí

Foráiltear san Acht go bhféadfaidh an tOmbudsman do Leanaí comhairliúchán a dhéanamh le leanaí atá ionadaíoch ina tuairimsean. Ní féidir linn an obair seo a dhéanamh gan tacáiocht ó thuismitheoirí agus óna lán daoine fásta atá tiomanta d'fheabhas a chur ar bheathaí leanaí in Éirinn, agus táimid an-bhuíoch den tacáiocht iontach uile seo.

Is minic a bhualimid le leanáí agus le daoine óga le taithí dhíreach ar an tsaincheist atá á plé. Mar shampla:

- chuamar i gcomhairle le leanáí agus le daoine óga faoi chúram nuair a bhí ábhair a mhínigh ár bhfeidhm gearán á bhforbairt do dhaoine óga;
- chuamar i gcomhairle le daoine óga faoi mhíchumas dár dtuarascáil speisialta ar thithíocht do dhaoine óga faoi mhíchumas; agus
- cuirimid ceisteanna ar dhaoine óga faoina ndearcaí, mar is cuí, nuair a dhéanaimid imscrúdú.

In 2008, rinneadh céimeanna tábhachtacha pleanála agus ullmhúcháin don dá phríomhghráupa leanáí agus daoine óga a rachfar i gcomhairle leo in 2009:

- leanáí a bhfuil cónaí orthu i mbrúnna mar chuid dár gcuid oibre ar leanáí faoi chúram stáit;
- daoine óga in earnáil an cheartais óige, go háirithe in Institiúid Naomh Pádraig.

### Painéal Comhairleach na nÓg

I rith 2008, thosaíomar ag obair leis an dara Painéal Comhairleach na nÓg (YAP) de chuid an OCO. Tá cúigear daoine óga is fiche ar an bPainéalanois, ó cheantair tuaithe agus uirbeacha ar fud na hÉireann, agus is léiriú a gcoinníollacha agus a n-eispéiris ar an éagsúlacht atá i sochaí na hÉireannanois. Cuirimid in iúl go soiléir do na daoine óga nach bhfuil siad ann chun dearcaí na ndaoine óga uile in Éirinn a ionadú; níl orthu ach a ndearcaí féin a chur in iúl.

I ndiaidh comhairliúcháin le leanáí agus le daoine óga ó áiteanna ar fud na tíre, chloíomar leis an bpriónsalab de rannpháirteachas ar bhonn deonach.

I mí Eanáir 2008, thionólamar ár gcéad YAP cónaitheach, a thug deis iontach do chomhaltaí an Phainéil tógáil foirne a éascú agus clár oibre YAP a chruthú do 2008.

Ar feadh 2008, léirigh comhaltaí YAP tiomantas, fuinneamh agus léargas inár gcuid oibre leo. Is iad seo a leanas roinnt de na gníomhaíochtaí a rinne siad i rith na bliana:

- d'ardaigh siad feasacht ar obair an OCO ar roinnt bealaí éagsúla;
- ghlac siad páirt i bpainéil agallaimh nuair a bhí an OCO ag earcú foirne;
- roinn siad a ndearcaí faoi fhorbairt clár, lena n-áirítear clár oibre don Idirbhliain;
- d'oibrigh siad ag imeachtaí cosúil leis na Fiontráithe Sóisialta Óga, áit ar bhual siad leis na céadta duine óg eile, agus labhair siad leo faoin Oifig; agus
- phleanál agus ghlac siad páirt i roinnt imeachtaí dírithe ar dhaoine óga.

## An Ceart chun Súgartha agus Caitheamh Aimsire

I ndiaidh thorthaí an chomhairliúcháin náisiúnta An Bhallód Mhór, inar aithin leanaí cé chomh tábhachtach agus atá pobail ina ngnáthshaolta, chinn an OCO saothar a choimisiúnú chun tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar thábhacht pobal i saolta leanaí.

Choimisiúnaigh an OCO an Lárionad Taighde Leanaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun comhairliúchán a dhéanamh le leanaí, le daoine óga agus le tuismitheoirí agus a gcuid dearcaí agus tuairimí faoina bpobail áitiúla a bhailiú. Rinne an staidéar scrúdú ar dhá cheist leathana:

1. Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an gceantar a bhfuil cónaí ort ann i gcás leanaí, daoine óga agus teaghlaach?
2. Cad is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur air?

Ghlac níos mó ná 133 tuismitheoir agus leanbh ó raon leathan cúlraí socheacnamaíocha, eitneacha agus geografacha páirt i bhfócasghrúpaí. Aithníodh naoi dtéama sa staidéar a bhain le heispéireas rannpháirtithe ina bpobail. Áiríodh orthu sin an tábhacht a bhaineann le sábháilteachta, saincheisteanna maidir le súgradh agus caitheamh aimsire, saincheisteanna timpeallachta, an gá le spraoi agus 'rudaí le déanamh' atá spreagúil, meas ar leanaí agus ar dhaoine óga, rannpháirteachas agus leibhéal cuimsitheachta pobal, cinnteoireacht i bpobail, cálíocht agus inrochtaineacht seirbhísí, agus ar deireadh, cén fhoráil a dhéantar do theaghlaigh i bpobail.

Úsáidfear thorthaí na tuairisce seo chun clár oibre an OCO a threorú agus a fhorbairt amach anseo. Beidh an tionscadal 'Pobail a Nascadh' ar an gcéad tionscadal a bheidh treoraithe ag an gcomhairliúchán seo. Rinneadh obair ullmhúcháin in 2008, a raibh san áireamh uirthi bualadh le raon leathan ceannairí pobail agus cinnteoirí d'fhonn scéim a fhorbairt a d'athneodh agus a léireodh an obair atá á déanamh chun pobail a dhéanamh níos fearr le haghaidh leanaí, ach a rachadh le scéimeanna atá ann cheana féin freisin.

Cuirfear treoircéim den scéim i gcrích go luath in 2009.

## Foghlaim OCO

Tuigmid go maith go bhfuil an rannpháirteachas mar bhealach chun oibriú le leanaí in Éirinn ag céim luath forbartha fós. Leanaimid orainn ag foghlaim agus déanaimid ár ndícheall ár gcuid foghlama a roinnt le daoine eile mar iarracht feabhas a chur ar ár n-Oifig féin, agus chun spreagadh a thabhairt do dhaoine atá neirbhíseach faoi na chéad chéimeanna a chur i gcrích a bhfuil gá leo chun rannpháirteachas leanaí agus daoine óga a chothú.

Mar aon leis na blianta roimhe seo, fuaireamar iarratais rialta in 2008 ar fhaisnéis agus treoir faoi fhoráil a dhéanamh do rannpháirteachas leanaí agus daoine óga. Tháinig na hiarratais sin ó ghníomhareachtaí a oibríonn in earnálacha éagsúla in Éirinn agus ónár gcontrapháirtithe i ndlínsí eile.

I bhfianaise na n-iarratas sin, chuireamar túis le craith ócайдeach foilseachán dírithe ar chuir chuige an OCO agus eispéiris an OCO i ndáil le cabhrú le leanaí agus daoine óga páirt a ghlacadh agus a nglórtha a thabhairt le cloisteáil. I rith 2008, d'ullmhaíomar an chéad foilseachán sa tsraith seo. San fhoilseachán, déantar cur síos mionchruinn ar ár gcur chuige agus ár n-eispéireas maidir le bPainéal Comhairleach na nÓg (YAP) a bhunú agus oibriú leo, agus cuimsíonn sé dearcaí agus comhairle bhaill ár YAP.

Foilseofar an leabhrán seo in 2009.

### **Ceart leanaí chun a nglórtha a thabhairt le cloisteáil a chur chun cinn**

I rith 2008, leanamar orainn ag cur fálte roimh ghrúpaí leanaí agus daoine óga ag an OCO chun deis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i gceardlanna bunaithe ar ghníomhaíochtaí a thugann túseolas dóibh ar ár gcuid oibre, a chothaíonn a dtuisint ar chearta leanaí agus a chuireann ar a gcumas a ndearcaí agus a n-idéanna faoi ábhair a théann i bhfeidhm orthu agus a bhfuil leas acu iontu a roinnt linn. Thugamar cuairt ar leanaí agus ar dhaoine óga ina scoileanna agus i seirbhísí eile a bhfuil teacht acu orthu freisin.

Chun an obair luachmhar aghaidh ar aghaidh seo a chomhlánú, d'fhorbraíomar DVD a thacóidh lenár gcuid oibre maidir le feasacht a mhúscailt ar chearta leanaí, lena n-áirítear Coinbhinsiún na NA ar Chearta an Linbh; chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna a bhfuil leas ag leanaí agus daoine óga iontu agus chun leanaí agus daoine óga a spreagadh chun a ndearcaí agus a n-idéanna a roinnt linn, le tacaíocht na ndaoine a thugann cúram dóibh nó a oibríonn leo.

### **Béim a leagan ar shaincheisteanna a bhfuil leas ag leanaí iontu**

#### **Glórtha Leanaí a Thabhairt chuit an Oireachtas**

Gheall an OCO don 75,000 leanbh agus duine óg a ghlac páirt sa Bhallód Mhór, an comhairliúchán is mó riamh le leanaí agus le daoine óga in Éirinn, go gcuirfí a ndearcaí faoi bhráid cinnteoirí sinsearacha.

Ar bhonn curidh ó Chathaoirleach an Chomhchoiste ar an Leasú Bunreachtúil ar Leanaí, Mary O'Rourke, TD, chuir comhaltaí ár YAP an Bhallód Mhór i láthair ag cruinniú speisialta de Theachtaí Dála agus de Sheanadóirí ag Teach Laighean i mí an Mheithimh 2008. Labhair comhaltaí an YAP faoina n-eispéiris féin maidir le páirt a ghlacadh sa Bhallód Mhór, chuir siad torthaí na vótaí a chaith 74,000 leanbh agus duine óg ar fud na tíre i láthair, agus phléigh siad na saincheisteanna faoinar vótáil leanaí agus daoine óga ranpháirteacha le comhaltaí an Oireachtais.

#### **Cad atá tábhachtach do leanaí**

I rith 2008, d'éistear lena lán leanaí. Léiríonn na saincheisteanna ar leag siad béim orthu, na cúiseanna imní a d'ardaigh siad agus na ceisteanna a chuir siad ilchineálacht na n-eispéireas saoil i measc na leanaí agus na ndaoine óga a mhaireann in Éirinn sa lá atá inniu ann. Thiomsáíomar leabhrán faoi na saincheisteanna a d'ardaigh leanaí agus daoine óga linn i rith 2008. Tá sampla beag den mhéid a dúirt siad anseo thíos.

## Oideachas

- Ceisteanna faoi dheiseanna oideachais do dhaoine óga faoi chúram;
- Tá oideachas ag teastáil ó gach duine chun cur ar a chumas post a fháil agus saol maith a bheith aige;
- Ba chóir go mbeadh ceart chun oideachais ag leanaí le riachtanais speisialta, toisc go mbíonn oideachas ag teastáil uathu ach níl múinteoirí ann chun iad a mhúineadh; agus
- Ní mór cultúr de chuimsitheacht a chur chun cinn i measc an phobail scoile iomláin chun bulaíocht i measc daoine óga a chomhrac.

## Meabhairshláinte

- Ba chóir go mbeadh clár fainseáise agus oideachais ar fáil ag scoileanna chun cabhrú le daoine óga déileáil le saincheisteanna meabhairshláinte agus tuiscint a fháil orthu, agus chun dul i ngleic leis na leibhéal arda d'fhéinmharú i measc daoine óga;
- Tionchar dochrach na féinmhuijníne ísle agus an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt d'fhéinmhuijnín dhearfach i measc daoine óga;
- An gá le feasacht a mhúscailt ar leitheadúlacht an dúlagair i measc daoine óga, agus an gá cabhrú le daoine óga céimeanna dearfacha a thógáil chun a sláinte fhisiceach agus mheabhrach a fhorbairt; agus
- Tá cairde agus caidrimh mhaithe le piaraí an tábhachtach.

## Bulaíocht

- An gá feasacht a mhúscailt i measc daoine óga faoi thionchair dhiúltacha na bulaíochta agus an gá dul i ngleic le bulaíocht ag daoine óga agus ar dhaoine óga i scoileanna agus i bpobail; agus
- An tábhacht a bhaineann le feasacht a mhúscailt ar fhadhb thromchúiseach na bulaíochta i measc daoine óga agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na bulaíochta labhairt amach agus cabhair a lorg.

## Úsáid alcóil agus drugaí

- An gá le heolas a thabhairt do dhéagóirí níos óige faoi na rioscaí a bhaineann le tomhaltas iomarcach alcóil; agus
- Tá ceart ag leanaí a bheith sábháilte ó dhruaí mar féadann siad daoine a mharú.

Foilseofar leabhrán a leagfaidh béis ar na saincheisteanna uile a d'ardaigh daoine óga linn sa tréimhse tuairiscithe seo ar ár láithreán gréasáin in 2009.

aguisín

## Ná grúpaí agus na heagraíochtaí ar bhuaileamar leo sa bhliain 2008

- An Garda Síochána
- Mol Digiteach
- Cróinéir Bhaile Átha Cliath
- CSO
- An Bord Taighde Sláinte
- Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC)
- Troid focal
- Amnesty International
- Cumann na mBainistoirí Contae agus Cathrach
- Scoil Náisiúnta Bhaile Brigín Balbriggan Educate Together Nation School
- Oifig Náisiúnta Barnardos
- Barnardos, Islandgate, Co. Luimnígh
- BeLonG To
- Líonra de chuid Ombudsman agus Coimisinéirí na Breataine agus hÉireann le haghaidh leanáí
- Fondúireacht CARI
- Scoil Náisiúnta Lárnach shinsearach mheasctha, Baile Átha Cliath
- Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach
- Foireann Athbhreithnithe um Bás Linbh
- An Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí
- Leabhair Pháistí Éireann
- Ionad Taighde Leanaí, Coláiste na Tríonóide
- Comhaontas Cearta Leanaí
- Coimisinéir Leanaí, New South Wales, an Astráil
- Coimisinéir Leanaí, an Nua-Shéalaínn
- Comhaontas Cearta Leanaí
- Seirbhís d'Ógra an Chláir, Inis, Co. an Chláir
- Club4U
- An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine
- Comhairle na hEorpa
- Bainistoirí Contae
- An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Dublin 7 Educate Together National School
- An tlonad um Chúram Luath-Óige agus Oideachas
- Educate Together
- Fóram AE ar Chearta Leanaí
- Coiste stiúrtha an AE
- Líonra Eorpach d'Ombudsman Leanaí
- Cruinníú idirghabhála Teaghlaigh
- Ionad Ógánach Fhionnghlaise
- Fostering First Ireland
- Sráid San Proinsias CBS, Baile Átha Cliath
- Sráid San Proinsias CBS
- Scoil Shráid Henrietta, Baile Átha Cliath
- Coláiste na Corónach Muire, Cromghlinn, Baile Átha Cliath
- FSS
- Scoil Náisiúnta na hInse, Co. an Chláir

- Cuimsiu Éireann
- Institiúid i Staidéar Sóisialta
- Cumann na Ógánach faoi chúram in Éirinn
- Institiúid na Scannán Éireannach
- An Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn
- Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórás Choiríul
- Comhairle Dídeanaithe na hÉireann
- Cumann Cathaoireacha Rotháí na hÉireann
- ISPCC
- Ionad Creidimh agus Ceartais na nÍosanach
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí bunoideachais
- An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí lar-bhunoideachais
- Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
- Comhchoiste an Oireachtas um an leasú bunreachta do Leanaí
- Lights Out Festival
- Gníomhaireachtaí Athbheochana Luimnigh
- Tionscadal Athbheochana Luimnigh
- Tionscadal d’Óige Luimnigh
- Meánscoil Chnoc Chairméal
- Scoil Chuimsitheach Chnocán an Teampaill
- Páirtíocht Thuaidh
- Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
- Open Access Service, Iontaobhas Peter Mc Verry
- OPEN
- Cumann Tuismitheoirí na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Daoine faoi mhíchumas in Éirinn (PWDI)
- Pavée Point
- Preas-Ombudsman
- Save the Children
- Scoil Mhuire Gan Smál, Inse Chór
- Eoin Dé
- Pobalscoil Naomh Anna, Cill Dalua, Co. an Chláir
- Meánscoil Naomh Iósaf, An Dún, Co. Luimnígh
- Scoil Naomh Micheál, Séipéal Iosóid, Baile Átha Cliath
- Scoil Náisiúnta Ospidéal Shráid an Teampaill, Baile Átha Cliath
- Comórtas Ealaíon Texaco
- UNHCR
- CÉINAL
- Aontas na Mac Léinn Meánscoile CGB
- Coláiste na hOllscoile Corcaigh
- Scoil Náisiúnta Eochaille, An tAonach, Co. Thiobraid Árann
- Nuálaíthe Sóisialta Óga







